
# 11 Tiománaí Traenach




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pleigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Pléigí an pictiúr ar leathanaigh 2 - 3. Pléigí na hainmhithe sa phictiúr.

Léigí an dán le chéile. Is dócha go mbeidh an dán ar eolas ag na páistí cheana féin.

Iarr ar na páistí rithim an dáin a bhualadh amach.

An dtig libh smaoineamh ar fhuaimeanna eile a dhéanann traein. Luaigh an focal *gliogar* atá i gceann de na scéalta sa chnuasach seo.

Pléigí an focal *déanach*. An bhfuil focal eile ann a chiallaíonn an rud céanna?

Déanaigí dráma den dán.


Scríobhaigí scéal mar ghrúpa ar leathanach mór faoi ainmhí éigín nó charachtar éigin atá mall don traein agus na rudaí a tharla lena dhéanamh mall. Ar éirígh leis an traein a fháil sa deireadh?

Déanaigí pictiúr mór den traein, carráiste ag gach grúpa/páiste. Cuirigí isteach pictiúir de na hainmhithe agus bolgáin chainte.

Scríobhaigí dán eile faoi charachtar eile, m.sh.
**Is mise an trodaí tine,**
**Sios, sios, sios. Ní ná!**
**Is mise an trodaí tine,**
**Sios, sios, sios. Ní ná!**
**Is mise an trodaí tine,**
**Beidh tú liom is tú níos sine,**
**Is mise an trodaí tine sios, sios, sios. Ní ná!**

**Is mise an múinteoir scoile,**
**Sss, sss, sss. Bí ciúin!**
**Is mise an múinteoir scoile,**
**Sss, sss, sss. Bí ciúin!**
**Is mise an múinteoir scoile,**
**Tugaim mata is obair bhaile,**
**Is mise an múinteoir scoile,**
**Sss, sss, sss. Bí ciúin!**

## 11 An Traein a d'imigh




Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí an t-údar agus na pictiúir agus an cineál scéil a bheidh ann ón eolas atá ar lgh. 4 - 5. Pléigí an clog ar an bhalla agus atá ar siúl ag an tiománaí traenach. Cad é a shíleann na páistí a tharlóidh sa scéal seo?

Léigí an scéal le chéile mar ghrúpa.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh arís i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Liostaigh na carachtair uilig sa scéal idir ainmhithe agus dhaoine.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de gach carachtar agus bolgán cainte a dhéanamh in aice leo leis an chaint a dhéanann siad uilig iontu. m.sh. pictiúr den bhó agus 'Mú - mú!' a scríobh sa bholgán cainte.

Pléigí na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe:
*bó - ag géimneach*
*muc - ag gnúsachtach*
*caora - ag méileach*
*madadh - ag tafann*
*cat - ag meamhlach*
*cearc - ag gocarsnach*
(Féach - An Lacha Feirmeora - An Gúm)


Iarr ar na páistí ceisteanna agus freagraí eile a chumadh bunaithe ar an sampla atá sa leabhar, **An bhfaca tú mo ____? Chonaic/Ní fhaca**.

Iarr ar na páistí an focal **dorcha** a aimsiú sa scéal. Cá mhéad uair a thagann sé aníos sa scéal. Aimsígí anois focail eile a thosaíonn le **ch** sa scéal. (*chuardach, an chaora, chuaigh, chuig*) agus focail a chríochnaíonn le **ch** sa scéal (*traenach, amach, chuardach, isteach, teach*).

Scríobhaigí an scéal mar dhráma agus tabhair páirt do gach páiste sa ghrúpa lena dhéanamh.

Déanaigí leagan 'greannán' den scéal ag úsáid bolgáin chainte nó línte téacs faoi na pictiúir.

## 11 An Bus Mara




Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí an t-údar agus an pictiúr agus an cineál scéil a bheidh ann ón eolas atá ar lgh. 20 - 21. Pléigí an teideal 'An Bus Mara' agus go gciallaíonn an focal 'mara' rud ar bith a bhaineann leis an fharraige (maighdeán mhara, long mhara, ainmhithe mara). Cad é a shíleann na paistí a tharlóidh sa scéal seo?

Pléigí an focal 'fómhuireán' a chiallaíonn faoi (fó) farraige (muir/mara).

Léigí an scéal le chéile mar ghrúpa.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh díobh féin ar an bhus mara. Pléigí cé acu sásta nó míshásta atá siad.


Pléigí rudaí a shnámhann ar uisce agus rudaí a théann faoi. Iarr ar na páistí rudaí a chuardach sa seomra a shnámhann ar uisce agus a théann faoi. Bainigí úsáid as soitheach uisce lena dtriail. Déanaigí 2 liosta.

Pléigí na focail atá i gcló trom ar lch 28, 32, 34. Scríobhaigí scéal le chéile nó iarr ar na páistí scéal a scríobh ina bhfuil na focail seo.

Pléigí **níos gasta, níos airde, níos mó, níos lú,** srl. Déanaigí liosta agus cumaigí abairti leo ó bhéal nó i bhfoirm scríofa.

Pléigí an comhartha 'Stad Bus' ar lch. 23. Pléigí comharthaí eile. Amharcaigí ar 'Stad! agus Scéalta eile' (Céim 5) agus na comharthaí atá ar chúl an leabhair.

# 11 Rás Búmaraing




Aimsígí tús an scéil ag úsáid an chláir.

Pléigí an t-údar agus an pictiúr agus an cineál scéil a bheidh ann ón eolas atá ar lgh. 38 - 39. Pléigí an focal 'Búmarang' sa teideal. Mínigh do na páistí cad é atá ann. D'fhéadfaí amharc ar an leabhar 'An Búmarang' (Céim 11) lena mhíniú. Cad é a shíleann na páistí a tharlóidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar na pictiúir sa scéal. Cad iad na hainmhithe atá sa scéal agus cad iad na modhanna eitilte atá acu?

Léigí an scéal le chéile mar ghrúpa.

Iarr ar na paistí an scéal a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí na ceisteanna atá ar lch. 40. Amharcaigí go hairithe ar an phoncaíocht. Iarr ar na páistí ceisteanna eile a chumadh agus comharthaí ceiste a úsáid.

Amharcaigí ar na frásaí ar lch. 43. Déanaigí liosta, m.sh. **níos gasta/níos airde/níos mó/níos lú/níos moille/níos ísle**.

Amharcaigí ar an phoncaíocht ar lch 48. Iarr ar na páistí é a léamh mar a léirítear leis an phoncaíocht é.

Iarr ar na páistí a scéal/pictiúrscéal féin a dhéanamh agus iad féin páirteach sa rás. Cén carachtar a ghlacfaidh siad agus cén modh eitilte a roghnóidh siad?

Déanaigí cairt bhalla ar mhodhanna eitilte. D'fhéadfaí amharc ar mhodhanna eitilte ón am a chuaigh thart i gcompáráid leis an lá atá inniu ann.

# 11 Ar an Traein




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Pléigí turais traenacha.

Iarr ar na páistí amharc tríd an leabhar ag amharc ar na pictiúir agus ag tuar a mbeidh le feiceáil sna fuinneoga. Pléigí foclóir an leabhair trí cheisteanna a chur faoi na pictiúir. Pléigí na focail *sa chathair* agus *faoin tuath*.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.

Eiseamláirigh scéal/pictiúr de thuras traenach s'agat féin ar leathanach mór/clár mór. Cá bhfuil tú ag dul? Cé atá leat? Cad é a fheiceann tú tríd an fhuinneog?

Iarr ar na páistí a scéal féin a scríobh le pictiúir agus abairtí bunaithe ar shampla s'agat féin agus ar an scéal féin. Taispeáin dóibh an dóigh le leathanach a fhilleadh agus dronuilleog a ghearradh amach as lena húsáid mar fhuinneog.

Iarr ar na páistí ceisteanna agus freagraí eile a chumadh ag úsáid an struchtúir atá sa scéal,
**Amharc amach ar an fhuinneog. Cad é a fheiceann tú? Agus mé ag amharc ar an fhuinneog feicim.....**
**Amharc amach ar an doras...**
**Amharc amach sa chlós...**

Déanaigí dhá liosta; na rudaí a fheiceann tú sa chathair agus na rudaí a fheiceann tú faoin tuath.

Amharcaigí ar léarscáil. Amharcaigí ar an tuath agus ar an chathair. Amharcaigí ar na línte traenacha agus ar na bóithre.

# 11 An Búmarang



Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo? Mínigh do na páistí gur leabhar *neamhfhicsin* atá anseo agus gur leabhar eolais atá ann.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa leabhar agus pléigí búmaraing. Pléigí foclóir an leabhair trí cheisteanna a chur faoi na pictiúir. Déanaigí liosta ar leathanach mór de na rudaí atá ar eolas agaibh faoi bhúmaraing.

Amharcaigí ar chlár an leabhair le chéile. Osclaígí an leabhar ag na caibidlí atá luaite sa chlár. Mínigh nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh agus go dtig leat caibidil a roghnú ón chlár.

Amharcaigí ar an innéacs le chéile. Mínigh do na páistí go bhfuil an t-innéacs in ord aibítre. Abraigí an aibitír le chéile go bhfeicfidh siad seo. Aimsígí an t-eolas atá san innéacs sa leabhar.

Roghnaígí caibidil ón chlár agus léigí le chéile é. Léigí gach caibidil ar an dóigh chéanna. Iarr ar na páistí an chaibidil is fearr leo a roghnú ón chlár agus a léamh go neamhspleách.

Iarr ar na paistí an t-eolas a d'fhoghlaim siad ón chaibidil sin a mhíniú duit ina gcuid focal féin.

Iarr ar na páistí na focail san innéacs a chuardach sa leabhar i mbeirteanna. Amharc ar an liosta a scríobh sibh sular thosaigh sibh ag léamh. Cuirigí isteach na rudaí nua atá ar eolas agaibh anois.

Déanaigí taispeántas balla ar bhúmaraing.

Amharcaigí ar an Astráil ar léarscáil. Aimsígí rudaí eile a bhaineann leis an tír.

D'fhéadfá búmarang a chur thart ó pháiste go páiste. Pléigí an scéal a bhaineann leis an bhúmarang seo. Cé a rinne é? Cé a d'úsáid é? Cé a thug go hÉirinn é?

Tabhair píosa páipéir gearrtha i gcruth búmarang do gach páiste. Iarr orthu scéal an bhúmaraing a scríobh air agus é a mhaisiú.

# 11 Na Beacha agus an Béar

Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo? Mínigh gur dráma atá sa leabhar seo agus go bhfuil liosta na gcarachtar agus na bpictiúrleideanna ar an chéad leathanach.

Pléigí drámaí. Ainmnígí drámaí eile atá léite go dtí seo. Mínigh nach mbíonn comharthaí cainte i ndrámaí agus go mbíonn ainm an charachtair ann roimh gach píosa cainte.

Iarr ar na páistí amharc tríd na pictiúir agus an scéal a insint ón eolas atá sna pictiúir. Tugaigí faoi deara an t-iora rua i ngach pictiúr atá mar scéalaí an dráma.

Léigí an dráma le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i ngrúpa, ag tabhairt páirt an duine dóibh. D'fhéadfá dráma a dhéanamh le grúpaí.

Scríobhaigí litir le chéile ó bhéar, nó iarr ar na páistí í a scríobh go neamhspleách, ag gabháil a leithscéil leis na beacha as cur isteach orthu.

Iarr ar na páistí lch. 2 a scríobh amach arís mar scéal ag úsáid comharthaí cainte agus frásaí mar *arsa Béar*.

Iarr ar na páistí focail a aimsiú sa dráma a thosaíonn le **b**.

Cuardaígí níos mó eolais faoi bheacha agus faoi mhil a dhéanamh. Pléigí an pictiúr atá ar lch. 7.

# 11 Bó sa Chrann




Amharcaígí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Iarr ar na páistí amharc trí na pictiúir sa leabhar agus an scéal a mhíniú ina gcuid focal féin.

Pléigí foclóir an scéil trí na pictiúir a phlé.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí an frása *as béal a cheile* ar lch. 8. Ciallaíonn sé gur labhair gach duine ag an am céanna.

Pléigí na carachtair sa scéal. Pléigí an difear idir na carachtair eile agus Ciara a labhair go múinte leis an bhó. Cad é mar a chuaigh Ciara i bhfeidhm ar an bhó? Pléigí nó scríobhaigí scéal faoi am a ndeachaigh duine i bhfeidhm ar dhaoine eile trí labhairt go deas leo.

Pléigí na focail atá in úsáid sa leabhar le cur síos a dhéanamh ar an bhó, **amaideach, maith, cineálta, álainn**. Déanaigí dhá liosta: focail atá dearfach agus focail atá diúltach.

Cad chuige a raibh pus ar an bhó? D'fhéadfá scéal/pictiúr/bolgáin chainte a dhéanamh ag léiriú tús an scéil.

Iarr ar na páistí na focail a dhéanann rím a chóipeáil agus a rá le chéile.


Iarr ar na páistí lgh. 4 - 5/6 - 7 a athscríobh mar dhráma.

Léigí lch. 3 le chéile. Pléigí na focail **suas, anuas, síos, aníos**. Abraigí an rann le chéile, **Ag dul suas, thuas, ag teacht anuas. Ag dul síos, thíos, ag teacht aníos**.

# 11 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí (Bó sa Chrann) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Abair leis an pháiste amharc ar an phictiúr ar chlúdach an leabhair agus an teideal a mheas. Abair **"An síleann tú gur fíorscéal a bheidh ann? Cad chuige a sileann tú sin?"** | An molann an páiste:<br>- teideal an leabhair? ___<br>- gur scéal samhlaíoch atá ann? ___<br>- cúis réasúnta a thabhairt leis an fhreagra? ___ | |
| Oscail ag lch.2. Abair, **"Bhí pus ar an bhó. Cad é a rinne sí? Taispeáin dom an áit a bhfuil sé sin scríofa."** | An dtig leis an pháiste:<br>- an ceist a fhreagairt? ___<br>- an freagra a aimsiú sa téacs? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 4-5. Abair **"Dúirt Mamaí *croithfidh mé an crann sin*. Dúirt Daidí *leagfaidh mé an crann sin*. Taispeáin dom na focail *croithfidh* agus *leagfaidh*. Cad é mar atá a fhios agat?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal *croithfidh* a aimsiú ___<br>- an focal *leagfaidh* a aimsiú ___<br>- mionchur síos a dhéanamh ar na focail? ___ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **"Léigh agus faigh amach cad é a dúirt Daideo agus Mamó."** Abair, **"Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil Daideo agus Mamó ag caint**?" | An dtig leis an pháiste:<br>- a thaispeáint duit cad é a dúirt Daideo? ___<br>- a thaispeáint duit cad é a dúirt Mamó? ___<br>- comharthaí cainte a thaispeáint? ___ | |
| Oscail ag lch. 10. Abair **"Léigh an lch. seo go ciúin. Cad é a dúirt Ciara?"** Oscail ag lch. 11. Abair **"Cad é a dúirt an teaghlach? Cad é mar atá a fhios agat?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- caint Chiara a léiriú? ___<br>- caint an teaghlaigh a léiriú? ___<br>- comharthaí cainte a léiriú? ___ | |
| Oscail ag lgh. 12-13. Abair **"Léigh an lch. seo. An síleann tú go dtiocfaidh an bhó anuas do Chiara. Cad chuige a síleann tú sin?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an lch. a léamh agus caint Chiara a thaispeáint? ___<br>- réamhaithris a dhéanamh ar fhreagra na bó? ___<br>- fáth a thabhairt d'fhreagra na bó? ___ | |
| Oscail ag lgh. 14-15. Abair, **"Amharc ar na focail sa chló throm. Insíonn siad dúinn an dóigh ar tháinig an bhó anuas."** Léigh an lch. leis an pháiste, ach lig don pháiste na focail i gcló trom a léamh. Abair, **"Cad é a thugann tú faoi deara faoi na focail seo?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- na focail seo a léamh,<br>léim ___<br>de ghéim ___<br>aon chéim ___<br>- a aithint go bhfuil rím sna focail? ___<br>- gurb ionann na trí litir dheireanacha sna focail? ___ | |

# 12 An tAmhrán Rúnda




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pleigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail agus tú ag léamh.

Léigh an dán arís agus iarr ar na paistí é a léamh leat.


Tugaigí faoi deara go bhfuil ceist agus freagra i ngach véarsa. D'fhéadfá iarraidh ar chuid de na páistí an cheist a léamh agus an chuid eile acu an freagra a léamh.

Pléigí na focail a dhéanann rím, **bláth/fáth, aer/spéir, gorm/orm, lae/inné**. Ní bhíonn an patrún litrithe mar an gcéanna i gcónaí cé gurb ionann na fuaimeanna. An dtig libh focail eile a chuardach a dhéanann rím leo.

D'fhéadfá cur leis an dán ag leanúint den phatrún chéanna,
**"An bhfaca tú an múinteoir ag teacht isteach ar scoil?"**
**"Chonaic," arsa na páistí, "beidh sí anseo gan mhoill."**

Léigí an dán arís le chéile ag cur na véarsaí úra leis. D'fhéadfá na véarsaí úra a mhaisiú mar atá na véarsaí eile sa leabhar.

## 12 Damhsa na Gréine



Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal atá ar lgh. 6 - 7.


Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa scéal seo agus iad a phlé.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách.

Amharcaigí ar lgh.10 - 11. Pléigí na focail **suímh, sa, ag an, faoin, síos, leis an**. Tugaigí faoi deara go mbíonn séimhiú ina ndiaidh (ach amháin **síos**).

D'fhéadfá damhsa a dhéanamh leis na páistí, damhsa na gréine.

# 12 Tá an Ghrian ag Imeacht




Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 16 - 17.

Déanaigí liosta de na hainmhithe a mhaireann sa dufair nó san fhásach.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa leabhar agus an scéal a phlé. Cad é a shíleann siad atá ag tarlú don ghrian. Mínigh urú na gréine dóibh.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách.


Léigí lgh. 20 - 21 le chéile ag díriú airde ar an phoncaíocht atá ann le treoir a thabhairt ar an dóigh lena léamh.

D'fhéadfá dráma a dhéanamh den scéal seo ag tabhairt páirteanna do na páistí.

Iarr ar na páistí trí charachtar a aimsiú sa leabhar a chríochnaíonn ar **án**. (seangán, ulchabhán, féileacán).

Pléigí an frása **casadh.....air**. Tabhair samplaí eile agus iarr ar na páistí samplaí a thabhairt.

# 12 An Lá a Thit an Ghrian Amach as an Spéir



Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 36 - 37.

Pléigí ábhar an scéil. Cuir i gcuimhne do na páistí scéal *Sicín Licín* agus an dearcán a thit ar a cheann (agus *Chicken Little*).

Amharcaigí ar na pictiúir atá sa scéal agus pléigí an scéal trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí na pictiúir féin agus úsáid an marla leis na carachtair a dhéanamh. D'fhéadfá do chuid carachtar féin a dhéanamh le marla.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách.

Léigí lch. 38 le chéile ag díriú airde ar an phoncaíocht agus an dóigh ar chóir é a léamh.

Iarr ar na páistí litir a scríobh ó Eilifint go Turtar lena mhíniú dó cad chuige nach bhfuil sé ábalta an ghrian a fheiceáil.

Iarr ar na páistí póstaer den dufair a dheanamh le páipéar agus le marla.

Liostaígí na hainmhithe sa scéal agus déan cur síos gairid ar ról s'acu sa scéal.

Amharcaigí ar an fhocal *cnó cócó* ar lch. 38. Scríobhtar *cnó* ach deirtear *cró* (i gCúige Uladh). An dtig libh smaoineamh ar fhocail eile ina bhfuil *n* a dhéanann *r*? (cnoc, mná, cnag).

## 12 Urú




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo? Ba chóir go mbeadh a fhios ag na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Ciallaíonn sin go mbeidh clár agus innéacs ann.

Cuir i gcuimhne do na paistí an scéal *Tá an Ghrian ag Imeacht* agus an míniú a bhí ag Ulchabhán ag deireadh an scéil.

Léigí an blurba le chéile.

Amharcaigí ar chlár an leabhair agus ar innéacs an leabhair. Cuir i gcuimhne do na páistí go mbíonn an t-innéacs in ord aibítre.

Pléigí na focail *an ghrian* agus *an ghealach* ach gur *urú gréine* agus *urú gealaí* atá ann, athraíonn na focail rud beag.

Aimsigh na caibidlí sa leabhar ag úsáid an chláir.

Léigí an leabhar le chéile ansin iarr ar na paistí é a léamh i mbeirteanna.

Iarr ar pháiste amháin focal a roghnú ón innéacs agus iarr ar na páistí an focal sin a aimsiú sa leabhar.

Amharcaigí ar lch. 8. Lean na treoracha atá sa téacs leis an urú a dhéanamh.

Iarr ar na páistí a gcuid treoracha féin a scríobh do chara.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh d'urú gréine. Déanaigí seicheamh leis na pictiúir.

# 12 An Samhradh agus an Geimhreadh



Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo? Mínigh gur scéal traidisiúnta atá ann agus go raibh na scéalta seo ann le rudaí a mhíniú do dhaoine.

Iarr ar na páistí amharc trí na pictiúir sa leabhar agus an scéal a mhíniú ina gcuid focal féin.

Pléigí foclóir an scéil trí na pictiúir a phlé.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh amach os ard i mbeirteanna.

Amharcaigí ar na rudaí sa scéal atá san uimhir iolra, liostaígí na focail seo;
súil - súile
bláth - bláthanna
crann - crainn
sliabh - sléibhte
abhainn - aibhneacha
loch - lochanna
éan - éin
ainmhí - ainmhithe
Tá cuid de na samplaí sa scéal seo measartha casta. Is féidir an coincheap féin a mhíniú trí shamplaí d'iolraí níos fusa a phlé;

| | | |
|---|---|---|
| páiste - páistí | carr - carranna | crann - crainn |
| múinteoir - múinteoirí | seilf - seilfeanna | peann - pinn |
| planda - plandaí | nós - nósanna | leabhar - leabhair |

Mínigh do na páistí go ndéantar iolra d'fhocal i mBéarla den chuid is mó trí s nó es  a chur ag an deireadh. Sa Ghaeilge is féidir iolra a dhéanamh ar roinnt dóigheanna. D'fhéadfá liosta a dhéanamh don bhalla le cur leis thar thréimhse ama.

Pléigí an samhradh agus an geimhreadh. Déanaigí dhá liosta le chéile nó iarr ar na páistí liostaí a dhéanamh le focail nó le pictiúir.

Pléigí scéalta traidisiúnta. Mínigh go míníonn scéalta traidisiúnta rudaí nach dtuigeann daoine. Míníonn an scéal seo an Ghrian atá sa spéir. Tá scéalta eile ann a mhíníonn rudaí eile, *m.sh*.  Cad chuige a bhfuil smál dearg ar an spideog, an fear atá ina chónaí ar an ghealach, Dónall na Gealaí, srl.

# 12 Mar a Cheap Coinín an Ghrian




Ainm

Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir. Cuir ceist ar na páistí an síleann siad gur fíorscéal atá ann.

Léigí an leabhar le chéile. Ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.

Cuir i gcuimhne do na páistí gur scéal traidisiúnta atá ann agus go mbíonn na scéalta seo ann le rud éigin a mhiniú. Pléigí an scéal *An Samhradh agus an Geimhreadh* atá sa chéim seo. Cad é a mhíníonn an scéal seo?


Iarr ar na páistí an scéal a insint ina gcuid focal féin.

Iarr ar na páistí litir a scríobh ón choinín go dtí an ghrian ag gabháil a leithscéil.

Iarr ar na páistí scéal eile a scríobh faoi Choinín agus eachtra eile a bhain dó, b'fhéidir faoin uair a rinne sé iarracht dul chuig an ghealach.

Mínigh na focail *seilg* agus *sealgaire*.
Tá an sealgaire ag seilg.
Tá an tiománaí ag tiomáint.
Tá an ceoltóir ag ceol.
Tá an t-iascaire ag iascaireacht.

# 12 Déan Tuar Ceatha



Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí ar chlár an leabhair agus ar an innéacs. Cuir i gcuimhne do na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá ann agus gur féidir caibidil ar bith is maith leo a léamh in ord ar bith.

Amharcaigí tríd an leabhar le chéile agus pléigí ábhar an leabhair trí amharc ar na pictiuir. Mínigh an focal *turadh* atá ar lch. 2. Ciallaíonn sé go bhfuil deireadh leis an fhearthainn.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh amach os ard.

Leanaigí na treoracha ar lgh. 8 go 13. Déanaigí na gníomhaíochtaí in bhur ngrúpaí.

Iarr ar na páistí an leabhar a dhruidim agus a gcuid treoracha féin a scríobh do chara. Cuir i gcuimhne dóibh an t-ord inar tharla gach rud. D'fhéadfá gníomhaíocht eile ar fad a dhéanamh agus a iarraidh ar na páistí na treoracha a scríobh.

Léigí an dán ar lch. 14 le chéile. Scríobhaigí na péirí focal a dhéanann rím.

Iarr ar na páistí na focail ar lch. 14 a scríobh ar na dathanna céanna.

Déanaigí tuar ceatha le péint agus pléigí na dathanna.

Cumaigí fonn don dán mar atá molta ar lch. 15. Roghnaígí cnaguirlísí nó gléasanna tiúnáilte simplí le tionlacan a dhéanamh agus leis an rithim a bhualadh amach. Ceolaigí an t-amhrán le chéile ag úsáid na ngléasanna.

12

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(Déan Tuar Ceatha) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste agus iarr air/uirthii eolas ar bith atá aige/aicii faoi thuar ceatha a insint. Liostaigh eolas an pháiste ar phíosa páipéir. | An dtig leis an pháiste:<br>- eolas a insint ar thuartha ceatha? ___ | |
| Oscail ag clár an leabhair agus léigí an teideal le chéile. Abair, **“Cén sórt leabhair atá ann, ficseán nó neamhfhicseán? Cad é mar atá a fhios agat?”** Léigí an clár le chéile. **Abair, “Cad é mar a úsáidimid cláir?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá gur leabhar neamhfhicsin atá ann? ___<br>- fáth a thabhairt? ___<br>- a mhíniú cén dóigh a n-úsáidtear cláir? ___ | |
| Abair, **“Oscail an leabhar ag lch.8. Cad é do bharúil a bheidh sa chaibidil seo?”** Abair, “**Léigh an teideal. Cad é atá de dhíth le tuar ceatha a dhéanamh?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- an leabhar a oscailt ag lch.8? ___<br>- a rá cad é a bheidh sa chaibidil seo?<br>- an teideal a léamh? ___<br>- a rá cad é atá de dhíth? ___ | |
| Oscail ag lch. 9. Abair, **“Cad é an chéad rud a chaithfimid a dhéanamh le tuar ceatha a dhéanamh? Cá bhfuair tú an t-eolas sin?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- míniú a thabhairt? ___<br>- a léiriú cá bhfuair sé/sí an míniú sin trí: pictiúr? ___<br>téacs scríofa? ___ | |
| Oscail ag lch.10. Abair, **“Taispeáin dom an dara rud a chaithfidh tú a dhéanamh. Léigh amach dom é.”** | An dtig leis an pháiste:<br>- an dara rud a insint? ___<br>- an téacs a léamh? ___ | |
| Oscail ag lch.11. Abair, **“Amharc ar an tríú rud a chaithfidh tú a dhéanamh.”** | An dtig leis an pháiste an chéad rud eile a aimsiú? ___ | |
| I ndiaidh an chaibidil seo a léamh, iarr ar an pháiste an t-eolas a insint duit ina f(h)ocail féin. Cuidigh leis/léi más gá. | An dtig leis an pháiste:<br>- na céimeanna a mhíniú go soiléir? ___ | |
| Amharc ar an liosta a scríobh tú ag an tús. Abair **“An dtig leat eolas eile a thabhairt dom anois?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- níos mó eolais a thabhairt ar thuartha ceatha i ndiaidh an leabhar a léamh? ___ | |

# 13 Cian agus a Chasúr




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Amharcaigí ar an teideal agus ar an phictiúr ar lgh. 6 go 7. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí tríd an scéal ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách. Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh os ard i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Léigí lch. 10 le chéile ag tabhairt airde ar an phoncaíocht, na comharthaí uaillbhreasa go háirithe.

Tugaigí faoi deara na huirlísí ag bun an leathanaigh. D'fhéadfá iad a ainmniú agus liosta a dhéanamh. Iarr ar na páistí na hainmneacha a scríobh agus pictiúr agus cur síos a scríobh taobh leo. *m.sh. casúr, tairní, peann luaidhe, téip tomhais*. Ainmnigh agus déan cur sios aruirlisí eile, *scriúire, fáisceochair, sábh.*

Pléigí na focail ***a chasúr*** atá sa teideal. Mínigh gur ***casúr*** an focal ach go mbíonn séimhiú ann i ndiaidh ***a*** de thairbhe gur buachaill atá i gceist. Mínigh nach mbíonn séimhiú i ndiaidh ***a*** más girseach atá i gceist. Déanaigí liosta de shamplaí. Iarr ar na páistí samplaí eile a thabhairt.

Déanaigí 'staighre scéil' le chéile le go dtuigfidh na páistí go mbíonn tús, lár agus deireadh le scéalta. Tabhair na túsabairtí seo do na páistí ar leathanach mór nó réamhscríofa ar stiallacha páipéir, ar chlár bán nó ar chlár idirghníomhach, agus iarr ar na páistí iad a chríochnú;
*Tosaíonn an scéal nuair...*
*Tháinig Mamaí agus...*
*Fuair Cian...*
*Ina dhiaidh sin rinne Mamaí...*
*An fhadhb a bhí ann...*
*An réiteach a bhí ar an fhadhb...*

Iarr ar na páistí leagan s'acu féin den scéal a scríobh ag úsáid na dtúsabairtí agus a gcuid pictiúr féin.

# 13 Diarmaid agus an Dragan




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Amharcaigí ar an teideal agus ar an phictiúr ar lgh. 18 go 19. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí tríd an scéal ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na paistí an scéal a léamh go neamhspleách. Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh os ard i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Amharcaigí ar na dóigheanna atá sa scéal lena chur in iúl go bhfuil duine ag caint. Amharcaigí ar na frásaí a úsáidtear i ndiaidh comharthaí cainte a bheith ann. *m.sh. arsa, ar seisean, ar sise, ar siadsan, a scairt siad, srl.* Cuardaígí na samplaí sa scéal agus déanaigí liosta d'abairtí.

Smaoinígí ar rudaí eile nach ann dóibh le fírinne, *m.sh. arrachtaí, ollphéisteanna, taibhsí, vampíreanna*.

D'fhéadfá an scéal a scríobh mar dhráma agus páirteanna a thabhairt do pháistí.

Amharcaigí ar an fhrása *'Ná bí amaideach'* ar lch. 30 agus ar an fhrása '*Ná bígí amaideach'* ar lch. 36. Déanaigí liosta d'orduithe eile san uimhir uatha agus san uimhir iolra. *m.sh. Tóg - tógaigí, rith - rithigí, déan - déanaigí, srl*.

Iarr ar na páistí an dá fhocal *Diarmaid* agus *Dragan* a scríobh. Amharcaigí ar a dá thúslitir agus abraigí amach os ard iad. Tá an fhuaim ***j*** leis an túslitir san fhocal *Diarmaid* agus tá an fhuaim ***d*** leis an túslitir san fhocal *Dragan*. Iarr ar na páistí a thuilleadh focal a chuardach leis an dá thúsfhuaim seo agus dhá liosta a dhéanamh. An bhfeiceann siad patrún? (caol agus leathan)

D'fhéadfá a iarraidh ar na páistí 'staighre scéil' a scríobh ag tabhairt na dtúsabairtí dóibh roimhré ar leathanach mór nó ar stiallacha páipéir;
*Tosaíonn an scéal nuair...*
*Chuaigh Diarmaid chuig a mhamaí agus...*
*Nuair a tháinig na Gardaí...*
*Tháinig na trodaithe tine agus...*
*Ag deireadh an scéil tá...*

# 13 Dáire agus Mamó




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Amharcaigí ar an teideal agus ar an phictiúr ar lgh. 38 go 39. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí tríd an scéal ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách. Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh os ard i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí eolas ar bith atá acu ar dhragain a insint. Déanaigí liosta nó póstaer faoi dhragain.

Léigí lch. 40 le chéile ag díriú airde ar an phoncaíocht agus ar na frásaí *a bhéic* agus *a scairt*.

Pléigí agus déanaigí liosta de na dóigheanna le caint a léiriú, nó na frásaí a úsáidtear i ndiaidh comharthaí cainte, *m.sh. a bheic sí, a scairt Mamó, arsa Mamó, srl*. Cumaigí abairt s'agaibh féin ag úsáid na bhfrásaí seo i ndiaidh na cainte.

Iarr ar na páistí scríobh faoi nó pictiúir a dhéanamh de na cluichí a imríonn siad féin le duine fásta nó lena gcairde.

Pléigí an focal *cniotáil* ar lch. 44. Mínigh go bhfuil an fhuaim *r* leis an *n* (i gCúige Uladh). Aimsígí focail eile ina bhfuil an n seo. *m.sh. cnoc, mná, cnag*.

Amharcaigí ar lch. 41. D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí na gníomhaíochtaí céanna a dhéanamh le páipéir nuachta atá déanta ag Dáire agus a mhamó.

# 13 Mise agus Mé Féin



Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pleigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail agus tú ag léamh.

Léigh an dán arís agus iarr ar na páistí é a léamh leat.


Smaoinígí ar ghníomhaíochtaí eile a dhéanann do chorp, déanaigí liosta, nó iarr ar na páistí a liostaí féin a dhéanamh, *m.sh. ag ól, ag léim, ag rith, ag snámh, ag scríobh, ag troid, srl*.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh díobh fein agus dán nó abairtí gairide a scríobh fúthu féin.

Cumaigí véarsa nua don dán. m.sh.
*Is cara maith mé féin gan dabht,*
*Bím i gcónaí ann.*
*Má tá cara de dhíth,*
*Súgradh nó scíth,*
*Bím i gcónaí liom.*

13

# Mo Leabhar Féin




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir. Léigí na teidil le chéile.

Mínigh an focal 'leasainm'. An bhfuil leasainm ag duine ar bith sa rang. An maith le daoine leasainmneacha?

Léigí an leabhar le chéile. Ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.

Pléigí na rudaí atá ar eolas anois faoi Ruairí. Iarr ar na páistí an t-eolas seo a athinsint ina gcuid focal féin.

Iarr ar na páistí an leathanach is fearr leo a léamh.


Amharcaigí ar leathanach 16. Iarr ar na páistí scríobh faoi mhianta Ruairí nó faoina mianta féin.

Amharcaigí ar leathanach 8. Amharcaigí ar na focail *is fearr, is sine*. Déanaigí liosta d'fhocail eile mar seo, *m.sh. is airde, is deise, is troime, is ísle, srl*.

Amharcaigí ar leathanach 5. Cuir ceist ar na páistí cad chuige a shíleann siad a bhfuil teaghlach Ruairí i gcrann. Léirigh crann ginealaigh don ghrúpa (déan do cheann féin ar chlár mór). D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí a gcrann féin a dhéanamh faoina dteaghlach féin.

D'fhéadfá a iarraidh ar na páistí a leabhair féin a dhéanamh ag úsáid na dteideal céanna atá sa leabhar seo. Thiocfadh leo a leabhair a mhaisiú le grianghraif nó le pictiúir.

## 13 Súil ar do Chorp




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh an leabhar agus abair leo nach bhfuil ainm an mhaisitheora ann de thairbhe gur grianghraif atá ann. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar. Cuir i gcuimhne do na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá ann agus go bhfuil clár agus innéacs sa leabhar. Mínigh nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh.

Pléigí na caibidlí sa leabhar agus mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Iarr ar na páistí caibidil a roghnú ón chlár agus léigí an chaibidil sin le chéile. Iarr ar pháiste eile caibidil eile a roghnú go dtí go bhfuil gach caibidil léite agaibh.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí focail ón innéacs a chuardach sa leabhar.


Iarr ar na páistí fíricí nua a d'fhoghlaim siad a insint duit ina bhfocail féin.

D'fhéadfá iarraidh ar na páistí fíricí nua a d'fhoghlaim siad a scríobh le pictiúir agus le lipéid.

D'fhéadfá iarraidh ar an ghrúpa póstaer a dhéanamh agus an t-eolas seo air.

Iarr ar na páisti pictiúir mhóra a dhéanamh dóibh féin agus an t-eolas a d'fhoghlaim siad ón leabhar a chur leis.

# 13 Turas Eoin




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí ar an léarscáil taobh istigh de chlúdach tosaigh an leabhair. Iarr ar na páistí an léarscáil a mhíniú agus siombailí a aithint, *m.sh. bóthar, sruthán, crainn, tithe, foirgnimh, croisbhealach, droichead*.

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí léarscáil Eoin a tharraingt iad féin ag úsáid an eolais ar lch. 4. Cuir i gcuimhne dóibh na siombailí a chur isteach. Mínigh an chuma a bhíonn ar rudaí agus tú ag amharc anuas orthu.

Má tá faill agaibh amharcaigí ar *Google Earth*. D'fhéadfá díriú isteach ar an scoil nó ligean do na páistí díriú isteach ar cheantar chónaithe s'acu féin.

Tabhair na páistí amach ag siúl go dtí an siopa áitiúl nó áit éigin cóngarach don scoil. Déanaigí treoracha agus sibh ag siúl agus déanaigí nóta de na foirgnimh agus de na gnéithe eile ar an bhealach. Déanaigí léarscáil de cheantar na scoile agus sibh ar ais sa seomra ranga.

Iarr ar pháiste amháin treoracha a scríobh do pháiste eile ó áit amháin sa scoil go dtí áit eile agus lig don dara páiste na treoracha a leanúint.

Iarr ar na páistí na rudaí uilig ar stad Eoin le hamharc orthu a ainmniú, i bhfoirm liosta nó i bhfoirm abairtí.

Iarr ar na páistí scríobh faoi thuras s'acu féin agus na rudaí uilig a chonaic siad ar an bhealach.

Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Ba chóir go n-aithneodh na páistí gur dráma atá sa leabhar seo. Pléigí leagan amach drámaí agus tugaigí faoi deara nach mbíonn comharthaí cainte iontu.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin tabhair páirteanna do na páistí agus iarr orthu an leabhar a léamh mar dhráma.

Pléigí teachtaireacht an scéil. Ní gá bheith mór le bheith láidir. Iarr ar na páistí samplaí eile a thabhairt ó scéalta eile nó ó thaithí s'acu féin.

Imir cluiche cuimhne leis na páistí agus cuir ainmhithe eile leis an scéal. Iarr ar na páistí, ar a seal, an chuid sin den scéal a athinsint ag cur carachtair eile isteach de réir mar a théann siad ar aghaidh.

Amharcaigí ar an phoncaíocht ar lch.8. Pléigí na comharthaí cainte agus na comharthaí uaillbhreasa agus an dóigh a gcuidíonn siad leat léamh.

Pléigí an focal **gabhar**. Mínigh go bhfuil an fhuaim **o** leis an **a**. Tabhair samplaí eile, m.sh. *g**a**bh, **a**mhrán (d'fhéadfá l**ea**bhar, r**ai**bh, agus ar fh**ea**bhas a lua)*.

Iarr ar na páistí smaoineamh air nó scríobh faoi ainmhí eile a rinne iarracht Gabhar a chur amach as an teach. D'fhéadfá iarraidh orthu é a scríobh mar dhráma nó mar scéal agus pictiúr a chur leis.

Iarr ar na páistí an dráma a úsáid le scéal nó le greannán a scríobh agus pictiúir a chur leis.

Déanaigí an dráma mar ghrúpa agus páirteanna ag na páistí.

Pléigí an seanfhocal “An té nach bhfuil láidir caithfidh sé bheith glic.”

# 13 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(Turas Eoin) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste agus iarr air/uirthi amharc ar an chlúdach/teideal. Cuir ceist cad é a shíleann sé/sí a mbeidh an leabhar seo faoi agus an teideal a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- labhairt faoi ábhar an leabhair? ___<br>- an teideal a léamh? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 2. Labhair leis an pháiste faoin phictiúr. Abair, **"Léigh an lch. seo leat féin agus faigh amach cad é a dúirt Eoin le Mamaí. Cá bhfuil an cheist a chuir Mamaí air? Cad é mar atá a fhios agat gur ceist atá ann? Léigh an abairt dheireanach dom."** | An dtig leis an pháiste:<br>- an freagra a aimsiú sa téacs? ___<br>- ceist Mhamaí a aimsiú? ___<br>- an comhartha ceiste a aimsiú? ___<br>- an abairt dheireanach a léamh? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lch. 4. Abair **"Léigh an lch. seo agus inis dom cá háit a bhfuil cónaí ar Mhamó agus ar Dhaideo."** | An dtig leis an pháiste:<br>- eolas a aimsiú sa téacs? ___<br>- seoladh Mhamó agus Dhaideo a insint? ___ | |
| Oscail ag lch. 6. Abair, **"Cad é a chonaic Eoin nuair a chuaigh sé suas an cnoc agus anonn an droichead? Léigh an abairt ina bhfuil an t-eolas."** | An dtig leis an pháiste:<br>- eolas a aimsiú sa téacs? ___<br>- an abairt a léamh? ___ | |
| Oscail ag lch. 8. Abair, **"Léigh an lch. seo liom. Léigh thusa na focail a fhágaim ar lár."** Úsáid *cloze* ó bhéal agus ná habair na focail *chuaigh, páistí, le hamharc, d'amharc*. | An dtig leis an pháiste na focail seo a léamh? ___<br>- *chuaigh* ___<br>- *páistí* ___<br>- *le hamharc* ___<br>- *d'amharc* ___ | |
| Oscail ag lch. 12. Abair, **"Léigh lch. 12 lena fháil amach cad chuige a raibh Mamó agus Daideo buartha. Cad é a rinne Daideo?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad chuige a raibh Mamó agus Daideo buartha? ___<br>- a rá cad é a rinne Daideo? ___ | |
| Oscail ag lch. 13. Abair, **"Cad chuige do bharúil nach bhfaca Daideo Eoin ar a bhealach?"** | An dtuigeann an páiste go raibh Eoin i siopa na bpeataí nuair a chuaigh Daideo thart? ___ | |
| Oscail ag lch. 14. Abair, **"Léigh an rud a scairt Eoin nuair a chuaigh sé isteach sa teach."** | An dtig leis an pháiste:<br>- na focail *Lá breithe sona duit, a Dhaideo! a léamh*? ___ | |
| Oscail ag lch. 15. Abair, **"Cad é a dúirt Mamó nuair a chonaic sí Eoin? Taispeáin dom an rud a dúirt Eoin. Cad iad na rudaí seo?"** (comhartha cainte) | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é a dúirt Daideo? ___<br>- a rá cad é a dúirt Eoin? ___<br>- comharthaí cainte a mhíniú? ___ | |

# 14 Bronntanais




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pleigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail agus tú ag léamh.

Léigh an dán arís agus iarr ar na páistí é a léamh.

Pléigí cruth agus ciall na bhfocal.

Aimsígí na focail a dhéanann rím. Cuir lipéid ar na focail agus léigí an dán le chéile. Iarr ar na páistí cuimhneamh ar na focail atá lipéadaithe.

Scríobhaigí na focail a dhéanann rím, *mór/ leor, ildathach/i bhfolach, blasta/snasta, anois/bronntanais*. Déanaigí liosta d'fhocail eile a dhéanann rím leo, *glór/stór/scór/cór/deor/, costasach/feargach/fiúntach/uafásach, pasta/casta/fásta, Fraincis/buatais/iontais/fiúntais.*

Iarr ar na páistí rithim an dáin a bhualadh amach.

# 14 An Bronntanas Lá Breithe




Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 6 - 7.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa scéal seo agus iad a phlé. Tugaigí faoi deara go bhfuil an carachtar céanna sa scéal seo agus atá i 'Róisín agus a Cairt'.

Amharcaigí ar na pictiúir agus mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách.

Léigí na ceisteanna agus na freagrai atá ar lgh. 8 - 14. Iarr ar pháiste amháin ceisteanna Chiaráin a rá agus iarr ar pháiste eile freagraí Róisín a rá.

Aimsigh focail ardmhinicíochta sa scéal agus iarr ar na páistí iad a aimsiú agus a léamh, *m.sh. chuaigh, amach, agus, arsa, maith, chuig, deas*.

Iarr ar na páistí alt nó scéal a scríobh - bronntanas do do mháthair féin. Luaigh an páipéar, an cárta agus an ribín don bhronntanas.

Scríobh leagan eile den scéal. Tá Róisín (nó ainm eile) ag iarraidh béile a dhéanamh. Úsáid an scéal seo mar fhráma.

---

*Chuaigh ____ agus ____ chuig siopa.*
*“Cad é atá de dhíth ort anseo?” arsa _____.*
*“Práta/Pasta/Rís don dinnéar,” arsa _____.*

*Chuaigh ____ agus _____ chuig siopa eile.*
*“Cad é atá de dhíth ort anseo?” arsa ____*
*“Uachtar reoite/Císte seacláide don iarbhéile,” arsa _____.*

srl.

---

D'fhéadfá a  iarraidh ar an an ghrúpa a bpáipéar féin a dhéanamh don bhronntanas. Iarr ar na páistí patrún a dhéanamh a dtiocfadh leo a phriontáil ar an pháipéar.

D'fhéadfá a  iarraidh ar an ghrúpa fráma a dhéanamh do phictiúr nó do ghrianghraf.

Amharcaigí siar ar Chéim 6 “An dtig leat seo a dhéanamh?” Iarr ar na páistí treoracha a scríobh do cheann de na gníomhaíochtaí a rinne siad. (Páipéar a phriontáil nó fráma a dhéanamh).

# 14 Cluiche Liathróide




Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 18 - 19.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa scéal seo agus iad a phlé. Pléigí foclóir nua ar bith trí amharc ar na pictiúir. Cad é a shíleann na páistí atá ag fás sa ghairdín? Déanaigí liosta.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na paistí an scéal a léamh go neamhspleách.

Pléigí Bean Uí Néill sa scéal. An ndéanann daoine fásta an cineál seo ruda de ghnáth? Cad é a dhéanann daoine i sráid s'agatsa má théann liathróid isteach sa ghairdín acu?

Amharcaigí ar an phoncaíocht ar lch. 26. Léigí le chéile é ag tabhairt na poncaíochta faoi deara.

Iarr ar na páistí focail a aimsiú sa scéal a bhaineann le cluiche liathróide. Déanaigí liosta de na focail.

Iarr ar na páistí leagan eile den scéal a scríobh ag úsáid an bhunleagan mar fhráma. Iarr orthu an scéal a athrú agus go mbeidh Bean Uí Néill feargach leis na páistí. Nó b'fhéidir go dtosaíonn na páistí ag cuidiú léi sa ghairdín.

Déanaigí liosta de na cluichí ar fad a imríonn na páistí, ar scoil nó sa bhaile. Scríobhaigí treoracha agus rialacha do chluiche amháin le chéile agus ansin iarr ar na páistí a gceann féin a scríobh. Tugaigí na treoracha do pháistí eile lena leanúint.

Iarr ar na páistí dhá phictiúr a dhéanamh do Bhean Uí Néill. Ceann amháin agus í gléasta don ghairdín agus ceann eile agus í gléasta don chluiche. Iarr orthu roinnt abairtí a scríobh ag míniú cad chuige a bhfuil na héadaí seo ag fóirstean do na gníomhaíochtaí éagsúla.

# 14 An Teach Beag Donn




Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 32 - 33.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa scéal seo agus iad a phlé. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh i mbeirteanna, gach duine acu ag léamh an leathanaigh is fearr leo lena chéile.

Iarr ar na páistí scéal agus pictiúir a dhéanamh faoin dóigh ar chaith na carachtair an chuid eile den lá.

Iarr ar na páistí pictiúr beag a dhéanamh de gach carachtar, mar atá ar lch. 38, agus an rud a deir siad in aice leis. Cuir carachtair eile sa scéal, *m.sh. madadh a deir “Bhúf, bhúf,” scuab a deir “Bhúis, bhúis,” doras a deir “Ííc, ííc”*.

Scríobhaigí treoracha/oideas a léiríonn an dóigh le hubh bhruite a dhéanamh.

D'fhéadfá dráma a dhéanamh den scéal agus páirteanna a thabhairt do na páistí.

# 14 Cé hIad na Carachtair?




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh an leabhar agus a ghlac na grianghraif don leabhar. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar. Pléigí na pictiúir. An aithníonn na páistí na carachtair atá sa leabhar.

Pléigí na carachtair atá sa leabhar. Pléigí éadaí na gcarachtar. Abraigí na rainn ina bhfuil na carachtair seo le chéile.

Léigí an scéal le chéile ag úsáid leideanna na bpictiúr le réamhaithris a dhéanamh ar an charachtar a bheidh ann.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar chuid de na páistí a gcarachtar is fearr a roghnú agus an chuid sin den leabhar a léamh os ard.

Pléigí na focail a dhéanann rím sa scéal. Déanaigí liosta ar chlár mór.

Cuirigí leis an leabhar trí charachtair eile a chur leis, *m.sh. na carachtair atá sa leabhar mór 'An Mealbhacán Uisce Ollmhór'*.

Déanaigí leabhar mór ranga leis na dánta/scéalta ar fad atá bailithe agaibh agus cuirigí pictiúir sa leabhar.

D'fhéadfá iarraidh ar na páistí gléasadh mar charachtar is fearr s'acu agus 'Lá Mór na Rann' a bheith agaibh. Tarraing grianghraif do na páistí agus iad gléasta le cur sa leabhar mór.


---

*Rainn -*
*Liam beag an Néilín ag rith ar fud an tí.*
*Suas an staighre, síos an staighre,*
*Gan air ach léine oích'.*
*Ag bualadh ar na fuinneoga 's ag scairtigh amach,*
*An bhfuil na páistí uilig ina gcodladh?*
*Tá sé leath i ndiaidh a hocht.*

*Treasa, Treasa, sona sásta,*
*Ag obair léi sa ghairdín.*
*Le nóiníní bána is lusanna dána,*
*Amuigh go luath ar maidin.*

*A ghasúir bhig ghoirm seo séid ar d'adharc.*
*Tá na caoirigh sa chuibhreann,*
*An bhó ins an choirce.*
*Ach cá bhfuil an fear beag.*
*'Bhí ag buachailleacht bó?*
*Ina chodladh atá sé,*
*Le huair nó dhó.*

# 14 Bia Blasta




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh an leabhar agus a ghlac na grianghraif don leabhar. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar. Cur i gcuimhne do na páistí gur leabhar neamhfhicsin atá ann a bhaineann leis an chócaireacht, agus go bhfuil clár sa leabhar. Mínigh nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh.

Pléigí na caibidlí sa leabhar agus mínigh gur oideas nua atá i ngach caibidil. Pléigí foclóir úr trí amharc ar na pictiúir agus trí cheisteanna a chur ar na páistí faoi bhia atá luaite.

Pléigí an foclóir a thagann aníos i ngach oideas, *m.sh. bior fiacla/bioranna fiacla, reoán, sliseanna*.

Iarr ar na páistí oideas a roghnú ón chlár agus léigí le chéile é. Iarr ar pháiste eile oideas eile a roghnú go dtí go bhfuil gach oideas léite agaibh.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Pléigí na teidil atá ar gach oideas. Cé acu is fearr leo?

Déanaigí oideas nó dhó sa rang.

Scríobhaigí treoracha don oideas a rinne sibh, do rang/grúpa eile. Úsáid an leabhar mar eiseamláir.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoi chóisir a reáchtáil siad agus an t-ullmhúchán a rinne siad roimhré. Amharcaigí ar an leabhar mór *'Béir, Béir, Béir'* agus *'Lá Breithe Sona Duit'* i gCéim 7.

# 14 Bronntanas don Nathair




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Ba chóir go n-aithneodh na páistí gur dráma atá sa leabhar seo. Pléigí leagan amach drámaí agus tugaigí faoi deara nach mbíonn comharthaí cainte iontu.

Pléigí na carachtair agus na pictiúrleideanna atá ar an chéad leathanach. Abair leis na páistí go mbíonn na pictiúrléideanna in úsáid tríd an leabhar.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin tabhair páirteanna do na páistí agus iarr orthu an leabhar a léamh mar dhráma.


Déanaigí cur síos gairid ar gach ainmhí sa dráma agus iarr ar na páistí focal amháin a aimsiú a dhéanann cur síos ar gach ainmhí, *m.sh. glic, cineálta, cliste*.

Iarr ar na páistí scéal gairid a scríobh faoin bharúil a bhí ag Laghairt den rud  a tharla sa scéal. Ar shíl sé go raibh an ceart ag Coinín agus ag Madadh Rua i ndeireadh an scéil. B'fhéidir gur scaoil siad Nathair sa deireadh, pléigí *díoltas* agus nach rud deas é drochrudaí a dhéanamh ar dhaoine/ainmhithe eile go fiú i ndiaidh dóibh drochrud a dhéanamh ortsa.

Déanaigí dráma ag tabhairt páirteanna do gach duine sa ghrúpa.

Pléigí biashlabhraí na n-ainmhithe. Déanaigí roinnt biashlabhraí, *m.sh. ulchabhán - éan - damhán alla*.

# 14 Brioscaí Beo




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus cúil an leabhar. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar agus léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Amharcaigí tríd an leabhar ag insint an scéil trí amharc ar na pictiúir. Mínigh foclóir nua trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Seána agus Siún atá ar na páistí sa scéal. Iarr ar an ghrúpa focail eile sa scéal ina bhfuil an **s** céanna (**s** caol atá ann). Ná déan dearmad go dtig leis an fhuaim seo a bheith ag tús, lár nó deireadh an fhocail.

Iarr ar na páistí treoracha a scríobh faoin dóigh le brioscaí a dhéanamh. D'fhéadfá leabhair cócaireachta eile a úsáid le cuidiú leis na páistí, *m.sh. 'Bia Blasta' nó 'Páistí sa Chistin' (An Gúm)*.

Iarr ar na páistí póstaer a dhéanamh i ngrúpaí beaga ag fógairt an Aonach Cístí. Cuir i gcuimhne dóibh an t-eolas a bheidh de dhíth orthu ar na póstaeir.

Iarr ar na páistí litir nó ríomhphost a scríobh chuig lucht an zú ag gabháil buíochais leo as an lá a chaith siad ann.

**14**

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(Brioscaí Beo) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Iarr ar an pháiste an teideal a léamh agus a rá cad é a shíleann sé/sí a bheidh sa leabhar seo? | An dtig leis an pháiste:<br>- réamhaithris réasúnta a dhéanamh? ___<br>- an teideal a léamh? ___ | |
| Osclaígí an leabhar ag lgh. 2-3. Pléigh an pictiúr. Abair,**“Léigh an lch. seo lena fháil amach cad é a dúirt na páistí leis an mhúinteoir.”** | An dtig leis an pháiste an téacs cuí a aimsiú? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 4-5. Abair, **“Léigh an lch. seo. Cad é a dúirt Siún agus Sorcha?”** Abair, **“Léifimid an paragraf deireanach agus fágfaidh mise focail ar lár, léigh thusa iad.”** Déan *cloze* ó bhéal, *maith, a dhéanamh, mise.* | An dtig leis an pháiste:<br>- eolas a chuardach sa téacs? ___<br>- na focail seo a chur isteach,<br>*maith*? ___<br>*a dhéanamh*? ___<br>*mise*? ___ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Léigh an chéad pharagraf. Abair, **“Cad chuige ar roghnaigh siad na cruthanna seo? Léigh an paragraf deireanach. Cad é a chuir siad sa bhabhla? Cad é mar atá a fhios agat gur sin na focail *an t-im, siúcra*?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá gur brioscaí i gcruth ainmhithe a bheidh iontu? ___<br>- eolas a chuardach? ___<br>- a mhíniú gur *an t-im* agus *siúcra* atá sna focail seo? ___<br>- pictiúrleideanna a léamh? ___<br>- mionsonruithe téacs a léamh? ___ | |
| Oscail ag lgh. 8-9. Abair**, “Léigh lena fháil amach cad é eile a chuir siad sa bhabhla agus cad é a tharla nuair a mheasc siad é. Cad é an fhuaim a rinne Séana? Cad chuige a ndúirt sí gur béar bán í?** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é eile a cuireadh sa bhabhla? ___<br>- a rá cad é a tharla nuair a meascadh na comhábhair? ___<br>- An téacs a dúirt Séana a léamh? ___<br>- a mhíniú go bhfuil plúr uirthi? ___ | |
| Oscail ag lgh. 10-11. Abair, **“Léigh an lch. seo agus abair liom i d'fhocail féin cad é a rinne siad ina dhiaidh sin.**” | An dtig leis an pháiste:<br>- scéal an leathanaigh seo a athinsint? ___<br>- an téacs a leanúint lena s(h)úile? ___<br>- méar a dhíriú ar théacs? ___<br>- athléamh a dhéanamh? ___<br>- focail nua a thriail? ___ | |

# 15 Luchóga




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigí an teideal agus an blurba le chéile. Amharcaigí ar na pictiúir le chéile agus pléigí téama an leabhair.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Osclaígí an leabhar ag na scéalta éagsúla ag úsáid an eolais atá sa chlár.

Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail agus tú ag léamh.

Léigh an dán arís agus iarr ar na páistí é a léamh leat.

Pléigí an téacs cuartha agus cad chuige a shíleann sibh a bhfuil sé cuartha?

Aimsígí na focail a dhéanann rím sa dán. Scríobhaigí ar chlár mór iad agus cuir leis an liosta, *m.sh. dána/bána/lána/fána, oíche/tithe/ríthe/ithe/fiche/choíche, cuartha/buartha/scártha/measartha, maith/scoth/sraith/croith.*

Pléigí ainmhithe eile a chuireann eagla ar dhaoine. Scríobhaigí scéal/dán le chéile fúthu. Aimsígí focail a dhéanann rím le cur síos a dhéanamh orthu, *m.sh. Tá froganna* ***glas*** *ach níl siad* ***deas***.

Iarr ar na páistí scéal/dán a scríobh faoi ainmhí éigin a chuireann eagla orthu féin.

Iarr ar na páistí píosa a scríobh faoi nathair agus cruth na scríbhneoireachta a dhéanamh cosúil le cruth nathrach.

# 15 An tArracht




Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt ag an scéal seo ag úsáid chlár an leabhair.

Pléigí na pictiúir agus an teideal ar lgh. 6 - 7.

Iarr ar na páistí amharc ar na pictiúir sa scéal seo agus iad a phlé.

Amharcaigí ar na pictiúir agus mínigh foclóir nua trí amharc orthu.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách.

Déanaigí dráma den scéal.

Iarr ar na páistí scríobh faoi chleas eile a thiocfadh le Lára a imirt, b'fhéidir rud éigin a chur i bhfolach nó ligean uirthi go bhfuil sí dofheicthe.

Pléigí an focal sí agus é ag déanamh tagartha don ghaoth. Mínigh do na páistí gur focal/ainmfhocal baininscneach atá ann. Tabhair samplaí eile, *m.sh. liathróid, fuinneog, an ghealach, an ghrian srl.*

# 15 Ag Tabhairt Aire do Labhraí




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 22-23 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí peataí ranga agus an nós go dtugann páiste amháin an peata ranga abhaile ag deireadh na seachtaine.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó ina mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí an phoncaíocht ar lch. 38. Léigí le chéile os ard é agus mínigh cad é mar a chuidíonn sé leis an léitheoir. Pléigí na comharthaí ceiste, na comharthaí uaillbhreasa, na camóga agus na lánstadanna.

Pléigí ainm Shúiche. Mínigh do na páistí go bhfuil frása ann 'chomh dubh le súiche'. Déanaigí liosta de fhrásaí eile a mhíníonn aidiachtaí ar an dóigh chéanna, *m.sh. chomh bán le sneachta, chomh dearg le fuil, chomh glas leis na cnoic, chomh falsa le muc, chomh tuirseach le cat*.

Pléigí na frásaí ***deireadh seachtaine, peata luchóige***. Tugaigí faoi deara go n-athraíonn an dara focal! An dtig libh smaoineamh ar shamplaí eile, *m.sh. trasna na páirce, i ndiaidh na scoile, doras na hoifige, peata ranga*.

Iarr ar na páistí scéal nó cartún a dhéanamh ag cur i gcéill gur thug siad féin Labhraí abhaile, (nó peata ranga eile). Cad é a tharla?

Iarr ar na páistí scéal/alt a scríobh ó thaobh na luchóige. Is tusa an luchóg. Cad é a tharla nuair a chuaigh tú abhaile le páiste ón rang.

Iarr ar ghrúpa treoracha nó liosta a scríobh nó póstaer a dhéanamh ag léiriú do dhuine an dóigh le haire a thabhairt do pheata éigin.

# 15 Leaba agus Bricfeasta




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 40-41 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal nó an frása 'Leaba agus Bricfeasta'. Ar fhan duine ar bith riamh i 'Leaba agus Bricfeasta'?

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó ina mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí poncaíocht sa scéal. Thiocfadh leat cuid den scéal a scríobh mar dhráma go bhfeicfidh na páistí an difear.


Iarr ar na páistí scéal gairid nó cartún a dhéanamh ag míniú cad é a tharla don luchóg agus don éan.

Mínigh do na páistí go mbíonn aimhithe agus go fiú rudaí i nGaeilge baininscneach nó firinscneach. Tá an luchóg baininscneach agus tá an t-éan agus an cat firinscneach. D'fhéadfaí ainmhithe eile a lua agus dhá liosta a dhéanamh de na hainmhithe baininscneacha agus de na hainmhithe firinscneacha, *m.sh Baininscneach - an mhuc, an bhó, an eilifint, Firinscneach - an madadh, an capall, an coinín, an moncaí, an béar*.

D'fhéadfaí dráma a dhéanamh den scéal agus a iarraidh ar na páistí gléasadh mar na carachtair. Iarr ar na páistí mascanna simplí agus cluasa a dhéanamh do gach carachtar.

Iarr ar na páistí an fógra a bhí taobh amuigh den teach a dhéanamh. Mínigh go gcaithfidh fógraí bheith geal, soiléir agus soléite. Cuidíonn pictiúir agus maisiúcháin an teachtaireacht a chur in iúl. Iarr orthu smaoineamh ar fhógra eile a bhíonn úsáideach ag an phobal agus iad a dhéanamh mar thaispeántas ranga, *m.sh. Dochtúir Teaghlaigh, Tréidlia, Fiaclóir, Siopa Milseáin, Poitigéir, Leabharlann srl*.

# 15 Cat sa Chistin




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na pásití an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Iarr orthu amharc ar na 'fuinneoga' sa leabhar agus na leideanna atá iontu. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an leabhar cócaireachta agus na hoidis ar lgh. 4, 8, 12, 16.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh ina mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de gach carachtar sa leabhar agus an bia is maith leo a chur in aice leo. Iarr orthu lipéid/bolgáin chainte a chur leis na pictiúir.

Iarr ar na páistí oideas a dhéanamh mar atá sa leabhar cócaireachta den cheapaire is fearr leo, nó den dinnéar/iarbhéile is fearr leo.

Iarr ar na páistí na focail a dhéanann rím sa leabhar a liostú agus focail eile a aimsiú le cur leis na liostaí. *m.sh. blasta/gasta/pasta/snasta/fásta. Leat/cat/. Anocht/bocht/ocht/locht*.

Aimsígí na focail sa scéal in bhfuil an fhuaim **ch**. Déanaigí liosta. Is féidir leis an fhuaim seo bheith ag tús, lár nó deireadh an fhocail. Cleachtaigí an fhuaim seo ó bhéal. Aimsígí focail a bhfuil an fhuaim seo iontu i leabhair eile.

Tabhair samplaí de chineálacha éagsúla bia do na páistí agus iarr orthu iad a úsáid mar atá siad sa leabhar, m.sh. *“Ní maith liomsa ____! B'fhearr go mór liom ____”.*

Déanaigí dráma gairid nó rólghlacadh den scéal.

# 15 Luchóga ar Scoil



Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Amharcaigí ar chlár agus ar innéacs an leabhair. Mínigh nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh.

Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir. Tugaigí faoi deara go bhfuil cuid de na páistí céanna le feiceáil sa leabhar 'Peataí ar Scoil'. (Céim 7)

Iarr ar pháistí éagsúla caididil a roghnú ón chlár agus léigí an leabhar le chéile caididil ar chaibidil go dtí go bhfuil sé léite ina iomláine.

Iarr ar na páistí an leabhar a léamh arís ina mbeirteanna nó go neamhspleách.

Mínigh an focal ***creimire***. Mínigh gur ainmhí é a bhriseann rudaí lena fhiacla. Liostaigh creimirí eile, *m.sh. luchóga móra (francaigh), béabhair, muca guine, hamstair*.

Mínigh gurb ionann an focal *francach* agus an focal *luchóg mhór* agus gurb ionann é agus duine as an Fhrainc chomh maith. De réir an bhéaloidis gur ar longa ón Fhrainc a tháinig luchóga móra go hÉirinn ar dtús.

Mínigh an focal *luch chodlamáin* agus gurb ionann é agus *dormouse* (i mBéarla). Ciallaíonn *dor* codladh i bhFraincis. Cad chuige, do bharúil, a dtugtar an t-ainm seo orthu?

Iarr ar na páistí eolas éigin a insint atá siad i ndiaidh a fhoghlaim sa leabhar.


Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí a d'fhoghlaim siad. D'fhéadfaí a iarraidh orthu póstaer a dhéanamh ag léiriú an eolais seo.

D'fhéadfá luchóg a thabhairt ar scoil.

Tabhair faill do na páistí tuilleadh eolais a chuardach faoi luchóga i leabhair/idirlíon/ CD-Rom.

Iarr ar na páistí creimire amháin ar lch. 14 - 15 a roghnú agus níos mó eolais a fháil air.

# 15 Lucaí Luchóg




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Cuir i gcuimhne do na páistí an scéal 'Ag Tabhairt Aire do Labhraí'. Mínigh gur scéal eile faoi pheata ranga atá sa leabhar seo.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de rang s'acusan le peata ranga agus bolgáin chainte a dhéanamh mar atá sa scéal seo.

Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí uilig a bhí de dhíth ar Lucaí.

D'fhéadfaí a iarraidh orthu póstaer a dhéanamh nó treoracha a scríobh ag míniú an dóigh le haire a thabhairt do luchóga.

Amharcaigí ar an chlár ar lch. 8. Iarr ar na páistí clár a dhéanamh do jab éigin atá le déanamh sa seomra ranga gach lá, *m.sh. an leabhar rolla a thabhairt chun na hoifige, na leabhair a dháileadh, na seilfeanna a choinneáil néata, srl.*

Léigí lch. 10 - 12 le chéile. Scríobhaigí na dóigheanna uilig ar úsáideadh an luchóg le rudaí eile a fhoghlaim sa rang.

Cuardaígí féin níos mó eolais ar luchóga ar an ríomhaire nó i leabhair eolais.

# 15 Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe

Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na pásití an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur dráma atá sa leabhar seo agus go bhfuil na carachtair uilig léirithe ar an chéad leathanach. Tá pictiúrleid le gach carachtar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Tabhair páirteanna do na páistí sa ghrúpa agus léigí arís é, gach páiste ag léamh páirt s'acu féin.

Pléigí teideal an leabhair, 'Luchóg Chathrach, Luchóg Thuaithe'. Mínigh do na páistí go n-athraíonn an dara focal. (Cuir i gcuimhne do na páistí an plé a rinneadh leis an leabhar 'Luchóga agus Scéalta Eile' sa Chéim chéanna).

Iarr ar na páistí litir a scríobh ó luchóg amháin chuig an luchóg eile. Mínigh do na páistí an dóigh a leagtar amach litir.

Déanaigí dhá liosta, nó iarr ar na páistí dhá liosta a dhéanamh i ngrúpaí beaga. Liosta amháin faoi shaol na tuaithe agus liosta eile faoi shaol na cathrach.

Amharcaigí ar an léarscáil ar lch. 16. Pléigí an chuma atá ar an chathair agus an chuma ata ar an tuath ar an léarscáil. Pléigí na treoracha atá ar an léarscáil. Mínigh go seasann T, O, D, I do Tuaisceart, Oirthear, Deisceart, Iarthar.

Déanaigí dráma nó déanaigí puipéid shimplí le stocaí leis an dráma a léiriú.

# 15 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí (Lucaí Luchóg) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Taispeáin clúdach an leabhair don pháiste. Iarr orthu scéal eile a insint faoi luchóg ón Chéim seo. Abair, **"Léigh teideal an leabhair seo. Cad é a bheidh sa scéal seo, do bharúil?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- scéal eile a athinsint? ___<br>- an teideal a léamh? ___<br>- réamhaithris a dhéanamh ar an scéal? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 2-3. Abair **"Amharc ar na pictiúir. Cad é atá na múinteoirí a rá? Léigh an scéal tú féin. Cad é a bhí sa bhosca?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é a dúirt na múinteoirí? ___<br>- a rá cad é a bhí sa bhosca? ___ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 4-5. Abair, **"Léigh seo. Cad é a fuair Máire sa stóras? Cad é mar atá a fhios agat gur cás an focal sin? Cad é a dúirt na páistí?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal cás a aimsiú? ___<br>- a mhíniú cad é mar atá a fhios aige/aici? ___<br>- a rá cad é a dúirt na páistí? ___ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **"Léigh an lch. seo agus abair liom cad é a rinne Lucaí nuair a bhí na páistí á coimheád. Cad é a dúirt Máire leis na páistí a dhéanamh? Cad chuige, do bharúil?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- *ag lí a féasóige* a rá? ___<br>- *ag ithe píosa d'úll* a rá? ___<br>- *na lámha a ní* a rá? ___<br>- a mhíniú cad chuige? ___ | |
| Oscail ag lgh. 8-9. Abair, **Léigh an lch. seo. Cad é a rinne Máire le go mbeadh sealanna ag na páistí? Cé a ghlan an cás Dé hAoine? Cá bhfuil an t-eolas sin?** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá go ndearna sí cairt/póstaer? ___<br>- a rá cé a ghlan an cás Dé hAoine? ___<br>- an t-eolas a aimsiú? ___ | |
| Oscail ag lgh. 10-11. Abair, **"Amharc ar an phictiúr. Cén fad atá sa luchóg. Cad é fad a heireabaill. Cén meáchan atá inti? Cén páiste a chuir ceist? Cad é a dhéanann rím le fionnadh?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an t-eolas a aimsiú? ___<br>- ceist a aimsiú? ___<br>- focail a dhéanann rím le fionnadh a thabhairt? ___ | |
| Oscail ag lgh. 12-13. Abair, **"Cad é mar a fuair na páistí eolas ar luchóga? Cad é mar atá a fhios agat?"** Abair leis an pháiste an chuid eile den leabhar a léamh leis/léi féin. | An dtig leis an pháiste:<br>- an cheist a fhreagairt? ___<br>- an freagra a léiriú sa téacs nó sa phictiúr? ___ | |